2024/912

25.3.2024

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/912 ÓN gCOIMISIÚN

## an 15 Nollaig 2023

## lena bhforlíontar Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis a mbeidh fógra le tabhairt ina taobh maidir le gníomhaíochtaí trasteorann bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIManna)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 33(7), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis an bhfaisnéis atá le tabhairt d'údaráis inniúla faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Threoir 2011/61/AE, athraíonn raon feidhme agus ábhar na faisnéise sin de réir chuspóir agus fhoirm an fhógra. Is iomchuí é, dá bhrí sin, go sonrófar an fhaisnéis a mbeidh fógra le tabhairt ina taobh ag bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha ('BCIManna') le haghaidh gach cineáil fógra.

(2) Lena áirithiú go gcuirfear na húdaráis inniúla ar an eolas i gcónaí faoi ghníomhaíochtaí BCIManna agus lena chur ar chumas na n-údarás inniúil sin a gcumhachtaí maoirseachta a fheidhmiú i gceart, ba cheart iad a chur ar an eolas faoi gach athrú ar an bhfaisnéis a mbeidh fógra le tabhairt ina taobh. Áirítear leis sin aon aistarraingt, cealú nó athrú ar an údarú a deonaíodh ar dtús do BCIM.

(3) Ba cheart faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla faoi dhaoine atá freagrach as an mbrainse a bhainistiú agus a sonraí teagmhála. Ba cheart a mheas go bhfuil daoine freagrach as an mbrainse a bhainistiú má tá an chumhacht acu straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an bhrainse a shocrú, gnó an bhrainse a stiúradh go héifeachtach nó má tá siad freagrach as gnó laethúil an bhrainse i gcáil bhainistíochta. Chun aon bhearna a sheachaint, ba cheart a áirithiú go dtabharfar fógra do na daoine a bhfuil post ceannaireachta acu faoi gach cuid de ghníomhaíochtaí, réimsí gnó, agus feidhmeanna bainistíochta an bhrainse.

(4) Tá an Uimhir Aitheantais Urrús Idirnáisiúnta (ISIN) agus an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) de chiste infheistíochta malartach (CIM) thar a bheith tábhachtach chun sainaithint uathúil an CIM a éascú trí mhodhanna leictreonacha. Dá bhrí sin, áirítear leis an Rialachán seo fógra éigeantach maidir le ISIN agus LEI i gcás inar sannadh iad do CIM agus ina bhfuil siad ar fáil dá bhrí sin.

(5) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí faoi bhráid an Choimisiúin.

(6) Rinne an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

([1]) IO L 174, 1.7.2011, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(7) Tá dlúthcheangal idir na forálacha sa Rialachán seo ós rud é go ndéileáiltear iontu le foirm agus le hábhar na faisnéise atá le malartú idir BCIManna agus údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát baile agus na mBallstát óstach ina bhfuil sé beartaithe ag BCIM seirbhísí trasteorann a sholáthar. Chun comhleanúnachas a áirithiú idir na forálacha sin, ar cheart go dtiocfadh siad i bhfeidhm an tráth céanna, agus chun léargas cuimsitheach agus rochtain éifeachtúil a éascú do BCIManna agus d'údaráis inniúla náisiúnta, is iomchuí iad a chur san áireamh i rialachán aonair.

(8) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart ar chosaint sonraí pearsanta. Cloífidh próiseáil na sonraí pearsanta i gcomhthéacs an Rialacháin seo le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus thug sé a thuairim uaidh an 10 Deireadh Fómhair 2023.

(10) Lena chur ar chumas BCIManna agus údarás inniúil oiriúnú do na ceanglais nua a leagtar síos sa Rialachán seo, is iomchuí a chur i bhfeidhm a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Faisnéis atá le cur in iúl faoi Airteagal 33(2) de Threoir 2011/61/AE**

1. Beidh an méid seo a leanas san fhaisnéis a chuirfidh BCIManna in iúl faoi Airteagal 33(2), pointe (a), de Threoir 2011/61/AE:

(a) ainm, seoladh, LEI agus sonraí teagmhála an BCIM;

(b) ainm agus sonraí teagmhála na roinne nó an phointe teagmhála ag BCIM atá freagrach as faisnéis a mhalartú le húdarás inniúil Bhallstát baile an BCIM.

2. Beidh an méid seo a leanas san fhaisnéis a chuirfidh BCIManna in iúl faoi Airteagal 33(2), pointe (b), de Threoir 2011/61/AE:

(a) na gníomhaíochtaí áirithe maidir le comhbhainistíocht punainne a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2011/61/AE agus maidir leis na seirbhísí áirithe a leagtar amach in Airteagal 6(4) den Treoir sin a sholáthrófar;

(b) straitéis ghnó an BCIM sa Bhallstát óstach, agus go háirithe catagóirí na gcliant agus na n-infheisteoirí spriocdhírithe a mbeidh an BCIM ag déileáil leo sa Bhallstát óstach agus an dóigh a ndéileálfaidh an BCIM leis na hinfheisteoirí sin;

(c) achoimre ar na rialuithe ar shocruithe tarmligin le tríú páirtithe i ndáil leis na gníomhaíochtaí a dhéantar sa Bhallstát óstach;

(d) faisnéis maidir leis na CIManna a bhfuil sé beartaithe ag an BCIM iad a bhainistiú sa Bhallstát óstach, lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas:

(i) ainm, Ballstát baile, foirm dhlíthiúil, straitéis infheistíochta agus, más infheidhme, fad an CIM;

(ii) cód sainaitheantais náisiúnta, Uimhir Aitheantais Urrús Idirnáisiúnta (ISIN) agus Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) an CIM, i gcás ina bhfuil siad ar fáil;

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(iii) i gcás struchtúir máistir-fothaire, ainm an mháistir-CIM, a LEI i gcás ina bhfuil sé ar fáil, agus, i gcás nach ionann BCIM an mháistir-CIM agus CIM an CIM an CIM atá le bainistiú, BCIM an mháistirchiste, a Bhallstát baile agus, i gcás ina bhfuil sé ar fáil, a LEI.

*Airteagal 2*

**Faisnéis atá le soláthar faoi Airteagal 33(3) de Threoir 2011/61/AE**

1. Beidh san fhaisnéis a chuirfidh BCIManna ar fáil faoi Airteagal 33(3), pointe (b), de Threoir 2011/61/AE ainm, seoladh, agus má bhíonn siad ar fáil, cóid aitheantais náisiúnta, agus sonraí teagmhála na roinne nó an phointe teagmhála laistigh den bhrainse atá freagrach as faisnéis a mhalartú le húdaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM nó le húdaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an brainse bunaithe.

2. Beidh san fhaisnéis a sholáthróidh BCIManna faoi Airteagal 33(3), pointe (c), de Threoir 2011/61/AE maidir le daoine atá freagrach as bainistiú an bhrainse ainm, suíomh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin daoine aonair a chomhlíonann príomhfheidhmeanna i bpríomhphost i ndáil leis an mbrainse.

3. Beidh an méid seo a leanas san fhaisnéis maidir le struchtúr eagraíochtúil an bhrainse a chuirfidh BCIManna ar fáil faoi Airteagal 33(3), pointe (a), de Threoir 2011/61/AE:

(a) an bhfuil an BCIM ina bhall de ghrúpa;

(b) míniú ar an dóigh a gcuirfidh an brainse le straitéis an BCIM, nó le grúpa an BCIM;

(c) an fhaisnéis seo a leanas maidir le heagrú an bhrainse:

(i) línte tuairiscithe feidhmiúla, geografacha agus dlíthiúla;

(ii) tuairisc ar an dóigh a luíonn an brainse le struchtúr corparáideach an BCIM, nó, i gcás ina bhfuil an BCIM ina bhall de ghrúpa, le struchtúr corparáideach an ghrúpa;

(iii) na rialacha maidir le tuairisciú an bhrainse don BCIM;

(iv) tuairisc ar an bpróiseas tomhais agus bainistíochta riosca a chuir an BCIM ar bun ar leibhéal an bhrainse faoi Airteagal 45 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 ([5]) ón gCoimisiún;

(d) achoimre ar na córais agus na rialuithe a chuirfear ar bun, lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas:

(i) nósanna imeachta arna gcur i bhfeidhm agus na hacmhainní daonna agus na hacmhainní ábhartha arna leithdháileadh, chun cloí leis na rialacha arna dtarraingt suas ag Ballstát óstach an BCIM de bhun Airteagal 12 agus Airteagal 14 de Threoir 2011/61/AE;

(ii) nósanna imeachta a cuireadh ar bun agus na hacmhainní daonna agus na hacmhainní ábhartha a leithdháileadh, chun cloí leis na hoibleagáidí maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]);

(iii) rialuithe ar shocruithe tarmligin le tríú páirtithe i ndáil leis na gníomhaíochtaí a dhéanann an brainse;

(e) ráitis réamhaisnéise maidir le brabús nó caillteanas agus sreabhadh airgid, don chéad 36 mhí.

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí, coinníollacha oibríochtúla ginearálta, institiúidí taisclainne, giaráil, trédhearcacht agus maoirseacht (IO L 83, 22.3.2013, lch. 1).

([6]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

*Airteagal 3*

**Fógra a thabhairt maidir le haon athruithe ar an bhfaisnéis a cuireadh in iúl nó a soláthraíodh faoi Airteagal 33(2), (3) agus (6) de Threoir 2011/61/AE**

1. Tabharfaidh BCIManna fógra d'údaráis inniúla a mBallstáit baile faoi aon athrú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 1 agus in Airteagal 2.

2. Cuirfidh BCIManna údaráis inniúla a mBallstáit baile ar an eolas maidir le foirceannadh beartaithe brainse atá bunaithe i mBallstát eile, agus soláthróidh siad an méid seo a leanas do na húdaráis inniúla sin:

(a) ainm, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin an duine nó na ndaoine a bheidh freagrach as an bpróiseas chun oibriú an bhrainse a fhoirceannadh;

(b) an sceideal don fhoirceannadh beartaithe;

(c) sonraí na n-oibríochtaí gnó a fhoirceannadh, agus na próisis atá beartaithe ina leith, lena n-áirítear sonraí faoin dóigh a gcosnófar leasanna infheisteoirí, a réiteofar gearáin, agus a scaoilfear aon dliteanais gan íoc.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 25 Meitheamh 2024 .

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN